CAIBIDIL 10 AN GHAELTACHT, CULTÚR, SPÓRT AGUS CAITHEAMH AIMSIRE

10.1 CÚLRA

Tá saibhreas agus éagsúlacht cultúrtha i nDún na nGall, agus is ann atá an Ghaeltacht is bríomhaire sa tír. Lena chois sin, tá dúshraith láidir liteartha sa Chondae, saibhreas sainiúil ceoil, rince, agus ceardaíochta, atá ina gcuid lárnach d'fhéiniúlacht na gConnallach leis na cianta.

Mar léargas ar an tábhacht atá le forbairt infreastruchtúir chultúrtha, rinneadh infheistíocht nár bheag i mbonneagar leabharlann, iarsmalann, amharclann agus i gcúrsaí ealaíon le gairid. Aithnítear agus tuigtear an ghá atá le tacaíocht leanúnach a thabhairt don chultúr, ina iliomad riochtaí, ag cruthú naisc idir chuidiú le riachtanaisí áitiúla agus Forbairt Eacnamaíoch, agus gheobhaidh sé seo spreagadh agus tacú ón Chomhairle chomh fada agus is féidir. Tá an cultúr, sa chiall is leithne, aitheanta mar chomhpháirt phríomha den Stráitéis agus mar eochairacmhainn don Chontae agus dá dhaonra.

10.2 AN GHAELTACHT

CÚLRA

AN GHAEILGE

Tá an Ghaeilge ríthábhachtach in oidhreacht bheo na tíre, agus caithfear í a chaomhnú. Tá an Ghaeltacht is mó sa tír anseo i nDún na nGall agus mar sin, tá sé thar a bheith riachtanach go bhfaigheadh sí cosaint agus cur chun cinn mar is dual do phríomhtheanga na gceantar Gaeltachta. Tá polasaithe sa Plean Forbartha mheastar a bheith riachtanach le cosaint agus tús áite a thabhairt do theanga agus do chultúr ár ndúichí Gaeltachta. Aithnítear go bhfuil an Ghaeilge faoi bhrú ó fhoinsí éagsúla - agus dá mbarr, go dteastaíonn polasaithe láidre ag leibhéal Áitiúil, Réigiúnach agus Náisiúnta, má tá cosc agus cúlú le theacht ar an mheath. Tacaíonn an Plean Forbartha leis an teanga agus an oidhreacht chultúrtha tré réimse polasaithe atá dírithe ar fheabhsú a dhéanamh ar shaol na ndaoine sna ceantair Ghaeltachta, tré fhostaíocht agus áiseanna oibre a chruthú. Tacaíonn an Plean Forbartha fosta tré sholáthar leordhóthanach d'áiseanna oideachais, sóisialta agus pobail a chur ar fáil; bealaí isteach a fheabhsú, an t-ionannas faoi leith cultúrtha agus teanga a chaomhnú a bhuí don úsáid chuí ar pholasaithe talamhúsáide, rud a thacaíonn le agus a dhaingníonn áitribh Ghaeltachta. Tá fianaise shoiléir ann go bhfuil Gaeltacht Thír Chonaill ar maos i saibhreas ceoil, oidhreachta, béaloideasa agus traidisiúin; saibhreas atá fréamhaithe ina féiniúlacht ar leith, a bhfuil a rian agus a scáth le haithne san iliomad cineál ealaíon a tharraing clú agus cáil uirthi, náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, le blianta fada. Tá, agus bhí, an Ghaeilge ar cheann de na hacmhainní is tábhachtaí a chuidigh lena leithéid de tharlúintí, agus tá féidearthachtaí breátha ann chun tuilleadh forbairt a dhéanamh ar an teanga mar acmhainn eacnamaíoch.

AN GHAELTACHT AGUS NA hOILEÁIN

Is í Gaeltacht Dhún na nGall an ceann is mó sa tír, ag cumhdach chóir a bheith aon trian de thalamh an Chontae. Tá oidhreacht speisialta, shóisialta, chultúrtha agus teangan beo sa Ghaeltacht. Is í an teanga Ghaeilge an ghné is suntasaí a shainmhíníonn an ceantar seo.

Síníonn ceantar na Gaeltachta le cois cósta thuaidh an Chontae, ó Chionn Fhánada trasna go dtí Na Dúnaibh agus Carraig Airt. Ón Tearmann, isteach trí shléibhte Dhoire Bheatha ag tarraingt ar an Fhál Charrach, Gort an Choirce agus Gaoth Dobhair. Leanann sí ansin siar chun na Rosann, isteach go lár an Chontae ó Bhá Ghaoth Beara go dtí na Cruacha Gorma, agus aneas tríd Ard an Rátha go paróistí Chill Charthaigh, na Carraige agus Ghleann Cholm Cille.[6]

Amach ón chósta, luíonn na réigiúin is scoite agus is imeallaí sa Chontae. Tá sé cinn d'oileáin, ina bhfuil cónaí orthu, amach ó chósta Dhún na nGall: Árainn Mhór, Toraigh, Inis Bó Finne, Inis Fraoigh, Oileán Ruaigh, agus Gabhla. Go hiomlán, tá daonra de 711 duine ina gcónaí ar na hoileáin seo, agus is mór an acmhainn shóisialta, eacnamaioch iad don Stáit, gan trácht ar shaibhreas cultúrtha agus timpeallachta.

Tá acmhainní iontacha cultúrtha le fáil sa Ghaeltacht atá thar chumas áiteanna eile. Ina measc seo, tá traidisiún bríomhar béaloideasa, ceol, rince, ealaín na péintéireachta agus na dealbhóireachta, agus cumas thar barr drámaíochta. Ar an drochuair, tá nósmhaireacht an "chraobhscaoilte" ó ghlúin go glúin ag dul i léig, agus tá traidisiúin luachmara á gcailleadh, nó i gcontúirt a gcaillte. Is luachmhar mar oidhreacht teanga agus cultúr na Gaeltachta, agus is aidhm náisiúnta é a leithéid a chosaint agus a chaomhnú, rud a neartaítear san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000[7], faoina gcaithfear spriocanna a bheith i bPlean Forbartha do chosaint oidhreacht teanga agus cultúrtha na Gaeltachta, cur chun cinn na Gaeilge mar urlabhra an phobail san áireamh, áit ar bith a bhfuil ceantar Gaeltachta laistigh de limistéar Phlean Forbartha. Tá méid áirithe moltaí príomha sna Treorlínte Pleanála Réigiúnacha, le tacú le forbairt na Gaeltachta - ina measc, cur chun cinn na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh. Ní raibh sé beartaithe sa reachtaíocht pleanála go ndéanfaí aon síneadh raidiceach ar chuspóir an chórais pleanála, nó ar chumhachtaí an Chomhairle mar Údarás Pleanála. Bhí sé beartaithe, áfach, cead soiléir a thabhairt, agus dualgas a chur ar an Chomhairle, aird faoi leith a thabhairt do riachtanaisí na gceantair Ghaeltachta agus iad ag cur reachtaíocht pleanála i bhfeidhm, an reachtaíocht sin a úsáid le tacú le cultúr agus teanga na gceantar seo tré phróiséis úsáide na talún agus reachtaíocht chríonna. Tá an Ghaeltacht anois ag tabhairt aghaidh ar réimse úr dúshlán i ndáil le hinmharthanacht agus inbhuaine a cultúr suntasach ar leith. Tá sé beartaithe deiseanna cuí a lorg le dul i ngleic leis na dúshláin seo.

SPRIOC

Tá sé mar aidhm ag an Chomhairle an Ghaeltacht a chothú agus a neartú mar phobal fuinniúil inmharthana ina mbeidh rath agus bláth ar an Ghaeilge agus ar an chultúr.

10.3 AICMIÚ NA gCEANTAR GAELTACHTA AGUS A BHFOCHEANTAR[8]

Tá féiniúlacht ag baint leis na ceantair áirithe Ghaeltachta taobh istigh den Chontae, agus ní bheadh sé ceart nó cóir go mbeadh dearcadh an aon-pholasaí ag dul do Ghaeltacht Thír Chonaill ar fad, mar atá cúrsaí faoi láthair. Tá sé beartaithe , mar sin, aitheantas faoi leith a thabhairt do thréithe áirithe na gceantar agus na bhfocheantar,

Cé go bhfuil teorainneacha geografacha na gceantar Gaeltachta i nDún na nGall soiléir, níl an t-sóiléireacht chéanna faoi chúrsaí aicimithe na gceantar sin agus cé go leitheadach is a d'fhóirfeadh polasaithe agus cur chuige ar leith do na ceantair

[6] Foinse: An Straitéis 2001
[7] Alt 10 (2)
[8] Dréacht-Treoirlínte NASC fá Phleanáil do Cheantair Ghaeltachta

éagsúla. Le déaláil leis na cineálacha áirithe Gaeltachta, caithfear idirdhealú a dhéanamh eatarthu agus an cur chuige is oiriúnaí do gach ceantar a aithint. Beidh sé riachtanach aicmiú na gceantar sin a aithint chomh maith leis an ceangal atá ag a leithéid le cainníocht na Gaeilge agus an Chultúir laistigh de na ceantair sin i láthair na huaire. Ba chóir go gcuirfí na torthaí POLASAÍ a bheadh fóirsteanach do gach cineál ceantair san áireamh fosta siocair gurb iadsan a leagfas síos an bonn air a mbeidh tionchair agus polasaithe bunaithe.

Sna samplaí seo a leanas ar shainthréitheacht na gceantar Gaeltachta, léirítear cur chuige amháin gurb fhéidir a chur san áireamh agus a scansáil tré ullmhú Phleananna Ceantair Áitiúla faoin Acht Pleanála.

Catagóir	Sampla	Catagóir	Spriocanna
1 (a)	Gaoth Dobhair	Na ceantair sin gurbh í an Ghaeilge an teanga is mó a úsáidtear i saol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch an phobail.	Go leanfaí le húsáid na Gaeilge mar phríomh-theanga an phobail. Go dtiocfadh méadú níos mó ar líon na gcainteoirí Gaeilge. Go dtiocfadh méadú ar an líon daoine a labharfadh Gaeilge ina ngnáthsaol. Go gcosnófaí agus go gcaomhnófaí cultúr na háite.
1(b)	Na Dúnaibh	Na ceantair sin ina raibh forbairt an-mhór ar siúl agus ina dtáinig méadu mór ar an daonra gan Gaeilge dá bharr.	Go n-éireodh le céatadán níos mó den phobal theacht isteach ar labhairt na Gaeilge. Go dtiocfadh méadú ar an lion daoine a labharfadh Gaeilge ina ngnáthsaol. Go gcosnófaí agus go gcaomhnófaí cultúr na háite.
1(c)	Gaeltacht Lár	Na ceantair sin ina bhfuil úsáid na Gaeilge go fairsing sa phobal, i saol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch an phobail.	Go n-éireodh le céatadán níos mó den phobal theacht isteach ar labhairt na Gaeilge. Go dtiocfadh méadú ar líon na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge ina ngnáth shaol. Go gcosnófaí agus go gcaomhnófaí cultúr na háite.

TÁSCAIRÍ

Le taifead a dhéanamh ar stádas reatha na teanga agus an chultúir taobh istigh den Ghaeltacht agus a fhocheantair, beidh gá le córas cuimsitheach a bhunú a léireoidh go

cinnte thar thréimhse ama stádas na teanga agus an chultúir agus aon fhachtóir a bheas lena leas nó a n-aimhleas sa todhchaí.

Tá sé intuigthe go nglacfadh an córas cuimsitheach seo méid áirithe ama agus acmhainní agus tuigtear go mb'fhéidir go mbeadh deacrachtaí leo seo i dtús ama. Meastar, áfach, nuair a bheas bunachar sonraí agus córais mhaithe forbartha, nach mbeidh an phróiseas róthrom.

Moltar fosta go gcuirfí na modhanna oibre seo i bhfeidhm i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta agus lucht forbartha ionchasacha, agus go gcuirfí na sonrai bunlíne ar fáil, ar chostas áirithe don lucht forbartha agus go mbeadh iachall orthusan Measúnú Tionchar Teangan a dhéanamh. Bheadh buntáistí leis seo sa mhéid go mbeadh maolú ar chostaisí agus bheadh comhaontas ann ó thaobh bunlíne coitianta ar a mbeadh a leithéidí de mheasúnuithe bunaithe.

Go dtí go bhfuil na saintréitheachtaí réitithe agus na táscairí bunaithe go cruinn, ní bheadh sé ciallmhar dul ar aghaidh, ag an staid seo, ar bhunús úsáide ginearálta de Mheasúnacht Tionchair Teanga nó ar choinníollacha i dtaca le pleanáil teanga a chur i bhfeidhm. Ar an tséala sin, moltar go gcosnófaí oidhreacht teanga agus chultúrtha Ghaeltacht Dhún na nGall, cur chun cinn na Gaeilge mar theanga urlabhra an phobail san áireamh, trí thograí nuálaíocha polasaí a ndéanfar forbairt orthu i gcomhar leis na gníomhaireachtaí reachtúla ábhartha agus leis na pobail áitúla i ngach ceantar tré Phleananna Ceantair Áitiúla a ullmhú do gach uile cheantar Gaeltachta ar leith i gContae Dhún na nGall. Mar sin féin, tá sé intuigthe go mbeidh tréimhse maith ama de dhíobháil chun a leithéid de phleananna a ullmhú. Dá bhrí sin, agus mar gheall ar na brúnna forbartha atá i gceantair Ghaeltachta, déanfaidh an Chomhairle liosta tosaíochta de Phleananna Ceantair Áitiúla a dhréachtú. A fhad is atáthar ag fanacht le ceadú na bPleananna Ceantair Áitiúla sin, curfidh an Chomhairle na moltaí polasaí seo a leanas chun tosaigh tríd an Phlean seo. Cuirfear na polasaithe seo i bhfeidhm ar fud an Chontae áit ar bith a bhfuil siad ábhartha.

Tosnóidh an Chomhairle ar ullmhú Pleananna Ceantair Áitiúla do na ceantair Ghaeltachta uilig sa Chontae. Déanfar maoiniú ar na pleananna seo ar bhunús ilbhliantúil i gcuideachta leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta.

Aithníonn an Chomhairle éagsúlacht na gceantar Gaeltachta agus is mian leo tacaíocht agus misneach a thabhairt d'ealaíontóirí, eagraisí ealaíon agus d'fhorbairtí infreastruchtúracha, i gcomhthéacs forbairtí ealaíon agus cultúir don Ghaeltacht sa réigiún áirithe. Tá réimse leathan ábhar gur féidir á gcur san áireamh sa chomhthéacs seo don Ghaeltacht. Ina measc:

- Teanga, foirmeálta agus neamhfhoirmeálta
- Logainmneacha
- Litríocht
- Forbairt Infreastruchtúrach
- Ailtireacht
- Na hEalaíon/Ceardaíocht
- Damhsa/ Ceol/Traidisiún
- Cruthú Fostaíochta

10.4 POLASAITHE AGUS MOLTAÍ

Ar mhaithe leis an Ghaeltacht a chaomhnú agus a chosaint, le linn a forbartha, cuirfidh an Chomhairle na polasaithe seo a leanas chun cinn:

POLASAÍ GCSR 1:
Feabhas agus nuálaíocht a chur chun cinn, tacú le saothar ealaíontóirí agus eagraisí ealaíon agus le healaíontóirí atá ag saothrú tré mheán na Gaeilge agus sna healaíona traidisiúnta; na hEalaíona Idirnáisiúnta a mhealladh chun an Chontae agus lucht éisteachta/féachana idirnáisiúnta a lorg d'ealaíontóirí agus do thionscadail ealaíon Dhún na nGall, agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh ilchultúrtha, sna dóigheanna seo a leanas:

- Pleanáil agus oibriú chun an t-infreastruchtúr oiriúnach, fisiciúil agus daonna, a chur ar fáil do gach cineál ealaín, traidisiúnta agus comhaimseartha.
- Oibriú i bpáirtíocht le grúpaí agus ionadaithe le forbairt leanúnach an réigiúin a chinntiú.
- Scansáil a dhéanamh ar aon deis nó plean úr a rachas chun sochair don cheantar ó thaobh forbairt eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta.

POLASAÍ GCSR 2:
Sraith Pleananna Ceantair Áitiúla a réiteach mar chosaint do cheantair ar leith na Gaeltachta, le scrúdú a dhéanamh ar réimse leathan cúiseanna áitiúla, ceisteanna teanga agus cultúrtha ina measc. Déanfaidh an Chomhairle Plean Ceantair Áitiúil ar bhunús píolótach a ullmhú do na ceantair atá laistigh de pharóistí Ghleann Cholm Cille agus Chill Carthaigh.

POLASAÍ GCSR 3:
Más rud é go mbeadh tionchar suntasach teangan nó cultúrtha ag forbairt ilteaghaise in aice leis, nó taobh istigh den Ghaeltacht, ina measc seo drochthioncar ar chur chun cinn na Gaeilge mar gnáth-theanga an phobail, cuirfear dualgas ar an iarrthóir measúnú a dhéanamh ar á dtionchar ar chosaint na teanga agus an chultúir agus Measúnú Tionchair Teanga a chur isteach leis an iarratas. Beidh an Measúnú Tionchar Teanga sin ina ghné thábachtach den chinneadh ar aon iarratas pleanála. Áit a bhfeictear go mbeadh tionchar shuntasach ann, beidh sé mar pholasaí ag an Chomhairle iallach a chur ar an iarrthóir moltaí a chur chun tosaigh chun an tionchar sin a mhaolú. Áit ar bith a bhfuil a leithéid ábhartha, cuirfidh an Chomhairle coinníollacha teanga mar cheangal ar fhorbairtí ilteaghaise chun a chinntiú go mbainfear amach na haidhmeanna don Ghaeltacht atá leagtha síos sa Phlean. I láthair na huaire, tá coinníollach teanga i bhfeidhm d'fhorbairtí ilteaghaise.

POLASAÍ GCSR 4:
A chinntiú go bhfuil dearadh agus tógáil ar ardchaighdeán agus ag luí le gnéithe de thraidisiún an cheantair. Níor cheart go dtarraingeodh foirgnimh úra i gceantar ar bith ón dreach agus tógáil atá ar struchtúir atá ina bpáirt d'oidhreacht chultúrtha na háite.

POLASAÍ GCSR 5:
A chinntiú ar fud fad an Chontae, **go mbeadh comharthaí i nGaeilge ar fhoirgnimh gnó agus tráchtála,** agus go mbeadh na comharthaí sin chomh mór céanna agus chomh feiceálach céanna le comharthaí i dteangacha eile. Bhéarfar tús áite do chomharthaí i nGaeilge amháin.

POLASAÍ GCSR 6:
Féachaint chuige go mbeidh, sna comharthaí a chuirfeas Comhlachtaí agus Údaráis Phoiblíi ar fáil, eolas i nGaeilge a bheas ar a laghad chomh feiceálach agus chomh soléite céanna le comharthaí i dteangacha eile. Beifear ag súil le agus ag tabhairt tús áite do chomharthaí i nGaeilge amháin. Lena chois sin, beidh an Chomhairle ag cloí le hiomlán rialúcháin i ndáil le comharthaíocht a d'fhéadfadh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a chur i bhfeidhm faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

POLASAÍ GCSR 7:
Féachaint chuige gur i nGaeilge amháin a bheas comharthaí bóithre agus logainmneacha laistigh den Ghaeltacht.

POLASAÍ GCSR 8:
Féachaint chuige go léiríonn na tionscadail Ghaeltachta, a bhfuil tacaíocht an Chomhairle á fháil acu, go bhfuil moltai do chaomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge agus an chultúir fite fuaite ins an togra acu.

POLASAÍ GCSR 9:
Féachaint chuige go mbeidh aird ag tionscadail lasmuigh den Ghaeltacht, a bhfuil tacaíocht an Chomhairle acu, ar chaomhnú na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh.

POLASAÍ GCSR 10:
Féachaint chuige go mbeidh aird ag aon chonraitheoir, atá fostaithe ag an Chomhairle i gceantar Gaeltachta, ar chultúr agus ar oidhreacht an cheantair.

POLASAÍ GCSR 11:
Cuidiú le háiseanna a chur ar fáil le haghaidh teagasc na Gaeilge, an chultúir agus traidisiúin na Gaeilge.

POLASAÍ GCSR 12:
Cuidiú le tithe a chur ar fáil do dhaoine gurb í an Ghaeilge a bpríomhteanga cumarsáide, tré thacú le heagraíochta tithíochta agus a leithéidí.

POLASAÍ GCSR 13:
Tacú le hÚdarás na Gaeltachta agus leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ina rólanna forbartha faoi seach .

POLASAÍ GCSR 14:
Tá patrún áitribh faoi leith i nGaeltacht Dhún na nGall, a chuidigh le, agus a chothaigh leas sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha a daonra. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tacú leis an phatrún shuntasach seo ar mhaithe leis an acmhainn luachmhar seo a chaomhnú.

POLASAÍ GCSR 15:
Athbhreithniú a dhéanamh ar Scéim an Chomhairle maidir le Tosaíocht do Ligint ar Cíos ó thaobh tithíochta sóisialta agus inacmhainne laistigh de bhliain tar éis glacadh leis an Phlean, le feiceáil an bhfuil aon ghá le leasuithe chun a dheimhniú go mbeidh cosaint déanta ar an teanga agus ar oidhreacht chultúrtha na Gaeltachta.

10.5 CULTÚR

SPRIOC
Tá sé mar aidhm ag Polasaí Forbartha Cultúrtha an Chomhairle oibriú ar mhaithe le slánú agus saibhriú gnáthshaol pobal an Chontae. Ina ghnéithe áirithe, aithnítear gurb acmhainn luachmhar é Cultúr an Chontae do chúrsaí pobail, eacnamaíoch agus sóisialta na ndaoine.

CUSPÓIRÍ
- Oibriú i dtreo forbairt imeasctha ina mbeadh an gheilleagar, an timpeallacht, an saol cultúrtha agus araile san áireamh le chéile, agus ina nglacfar le himeachtaí ealaíon agus cultúrtha mar phárt den ghnáthshaol.

- Páirt lárnach a ghlacadh i gcur chun tosaigh úsáid dhearfa agus chruthaitheach a bhaint as am sos agus saoire, agus an t-infreastruchtúr a chur ar fáil dá léithéid.

- Suim san fhoghlaim fadsaoil agus san fhorbairt phearsanta ag gach leibhéil oideachais a chothú chomh maith leis an soláthar cuí dá leithéid a chur ar fáil.

- Feiceáil chuige go mbeidh tuiscint agus meas ar chúrsaí ealaíon, cultúrtha agus oidhreachta mar pháirt lárnach den chóras oideachais agus den oideachas leanúnach.

- Oidhreacht chultúrtha an Chontae a chosaint.

- Tuiscint agus gníomhaíocht traschultúir a chothú agus a chur chun tosaigh agus leanúint de bheith ag lorg deiseanna le haghaidh nascanna cultúrtha trasteorann.

- Gach uile fhéidearthacht do chruthú fostaíochta inmarthanach sa réimse seo a iniúchadh agus a lorg.

- Pleanáil agus saothrú a dhéanamh le haghaidh an t-infreastruchtúr, daonna agus fisiciúil, atá riachtanach do leabharlanna, iarsmalanna, cartlanna agus gach uile cineál ealaíon, idir traidisiúnta agus comhaimseartha.

10.6 LEABHARLANNA

Tá gréasán leabharlainne bunaithe ag an Chomairle sa Chontae, an Lár-Leabharlann ina cheartlár, agus tá 8 leabharlann pobail agus 8 brainsleabharlann ar fud fad an Chontae. Tá leabharlann soghluaiste trasteorann ag feidhmiú in Oirthear an Chontae, ag freastal ar Bhaile Nua Uí Chuinneagáin, Mainéar Uí Chuinneagáin, Droim Eochaill, Porthall, Baile Suingean, An Carraigín, Magh, Bun an Droichid, An Beart, Cill Fhéich agus Bun na hAbhann. Tá an tseirbhis seo ar siúl i gcomhar le Bord an Iarthair um Oideachais agus Leabharlainne, i dTuaisceart Éireann.

Ghlac an Chomhairle le Cláracha Forbartha Leabharlainne in 1985, 1995 agus 2001. Cumhdóidh an plean úr straitéiseach an tréimhse ó 2005-2009. Faoi dheireadh na mílaoise, bhí seirbhís eolais agus córas nua-aimseartha leabharlainne bunaithe ar fud an Chontae agus próifíl na seirbhíse ardaithe, rud a fhágann dúshraith dhaingean d'fhorbairt an ghréasáin san am atá romhainn.

Riaraítear an gréasán leabharlainne ón Lár-Leabharlann atá lonnaithe i Leitir Ceanainn, agus ina bhfuil an bailiúchán is mó leabhar, paimfléad, nuachtán agus micreascannán, a bhaineann le stair Dhún na nGall. Ina caiteachas ar ábhar, thug an leabharlann aird faoi leith ar dhá rannóg – ábhar do pháistí agus Staidéir Dhún na nGall.

Le cois na seirbhíse iasachta, tá réimse eile seirbhísí ar fáil, ina measc Seirbhísí do Pháistí, Idirlíon, seirbhís leabharlainne leictreonach, Seirbhísí Tagartha agus Eolais, Staidéir Dhún na nGall agus Acmhainn Chlosamhairc. Is í an Lár-Leabharlann príomhacmhainn an Chontae do pháistí agus do dhaoine fásta, le haghaidh iasachta, staidéir áitiúla agus taighde. Tá Leabharlanna Pobail lonnaithe i mBun Cranncha, Bun Dobhráin, i gCarn Domhnach, Gaoth Dobhair, Na Rosa, Leifear, Baile na nGallóglach agus Ráth Mealtain. Tá brainsí den Leabharlann bunaithe i mBéal Átha Seanaidh, Cluain Maine, Baile Dhún na nGall, Na Gleanntaí, Na Cealla Beaga, Bun an Phobail agus Ráth Bhotha.

SPRIOC

Is mian leis an Chomhairle Leabharlann chuimsitheach, nua-aimseartha agus seirbhís eolais fónta a sholáthar, a shásóidh an gá atá ann d'oideachas ginearálta, eolas agus caitheamh aimsire, tacú le síor-chuardach an eolais, agus suim leanúnach an phobail i gcúrsaí léitheoireachta agus sna healaíona a chothú. Ar an bhealach seo, is mian leo na deiseanna sóisialta agus cultúrtha a chothú agus a shaibhriú do gach ball den phobal.

POLASAITHE AGUS MOLTAÍ

Ar mhaithe le leanúint le forbairt infreastruchtúr leabharlainne, cuirfidh an Chomhairle na polasaithe seo a leanas chun cinn:

POLASAÍ GCSR 16

- Neartú ar ról na leabharlainne mar acmhainn fá choinne:

(1) Páistí agus Daoine Óga
(2) Foghlaim agus Eolas
(3) Cultúr agus an tSamhlaíocht
(4) An Pobal i gcoitinne agus Grúpaí Sainspéise

- Leanúint le forbairt, leathnú agus méadú gréasán na Leabharlainne

- Forbairt a dhéanamh ar an tSeirbhís Leabharlainne, agus ar an infreastruchtúr fisiciúil, chun caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta a shásadh nó a shárú.

- Forbairtí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta i ndáil le Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a rachas chun sochair d'úsáideoirí na leabharlainne a chur i bhfeidhm.

- Gréasán na Teicneolaíochta Faisnéise a fhorbairt agus na seirbhísí a leathnú.

- Níos mó rannpháirtíochta sna seirbhísí Leabharlainne ar fud an Chontae a chothú.

- Cuidiú le neartú agus forbairt na bpobal áitiúla trí réimse leathan eolais agus uirlisí atá riachtanach chun ceantair áitiúla a fheabhsú, a sholáthar dóibh agus lárionad sóisialta a chur ar fáil sa phobal.

- Forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí leabharlainne agus eolais do cheantair tuaithe agus áiteanna scoite, trí comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú le grúpaí pobail, gníomhaireachtaí áitiúla agus soláthraithe seirbhíse eile.

POLASAÍ GCSR 17:

Lena chinntiú go bhfuil teacht ar sheirbhísí leabharlainne ag gach uile dhuine sa Chontae, déanfaidh an Chomhairle a dícheall na tionscadail seo a leanas a fhorbairt de réir ord tosaíochta:

- Leabharlann Phobail Bhaile Dhún na nGall
- Ionad Riaracháin Leabharlann an Chontae
- Leabharlann Phobail Bhealach Féich / Srath an Urláir

Is iad seo an dara tráthchuid de thograí tosaíochta:

- Leabharlann Phobail Bhéal Átha Seanaidh
- Leabharlann Phobail Chloich Cheann Faola
- Leabharlann Phobail na gCealla Beaga
- Leabharlann Phobail na nGleanntach

Beidh trí urlár sa Lár-Leabharlann nuair a bheas an Ionad Réigiúnach Ealaíon úrnua críochnaithe. Cuirfidh sé seo go mór leis na seirbhísí a bheas ar fáil.

10.7 CÚRSAÍ EALAÍON

Tá borradh dochreidte tagtha i bforbairt rannóg na n-ealaíon i nDún na nGall le blianta beaga anuas. Thug an Chomhairle tacaíocht don bhorradh agus don fhás seo a bhuí do réimse leathan de thionscnaimh i bpáirtíocht leis an Chomhairle Ealaíon, Ranna éagsúla Rialtais agus eagraíochtaí nach iad. Go dáta, tá roinnt tionscadail mhóra críochnaithe, ina measc forbairt/uasghrádú ar láithreacha faoi leith: Lár-Ionad Ealaíon Leitir Ceanainn, Amharclann an Ghrianáin, Leitir Ceanainn, agus Ionad na Mainistreach, Béal Átha Seanaidh. Rinneadh forbairt fosta ar ionaid agus áiseanna níos lú thart tríd an Chontae, go leor díobh sin mar thoradh ar Thionscnaimh Forbartha Pobail. Ar fad, tá thar 30 "Spás Oibre" ealaíon lonnaithe ar fud an Chontae. D'aithin tuarascáil an Chomhairle Ealaíon go raibh deacrachtaí ag Dún na nGall thiar agus theas ó thaobh infreastruchtúr do na healaíona.

I dteannta na forbraíochta ar na tionscadail mhóra infreastruchtúrtha seo, thug an Chomhairle tacaíocht do réimse tionscnaimh polasaithe chun go nglacfaí leis na hEalaíona mar chuid lárnach do gach cineál forbraíochta. Glacann agus féachann an Chomhairle ar chúrsaí Ealaíon anois mar chuid lárnach dá dualgas iomlán i dtaobh cothromaíocht i bhforbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch an Chontae. A bhuíochas do Sheirbhís Ealaíon an Chontae, tá réimse tionscnaimh ar siúl ag an Chomhairle le borradh agus brí a chur le forbairt na nEalaíon i nDún na nGall. Ina measc seo tá Clár Camchuairte na nEalaíon, tacaíocht do Thionscnaimh Ealaíon Trasteorann, agus cláracha ar fud an Chontae a tugann tacaíocht do thionscnaimh ealaíon idirphobail. De thairbhe chomh maith is atá ag éirí le hIonad Ealaíon Leitir Ceanainn, shocraigh an Chomhairle Ionad Cultúrtha Réigiúnach úrnua a fhorbairt i Leitir Ceanainn, rud a rachas in mbun tógála in 2005, agus a bheas críochnaithe roimh dheireadh 2006

Faoi láthair, tá roinnt tionscadal caipitiúil ag fanacht le maoiniú nó á bhforbairt cheana féin. Ina measc tá:

- Ionad Réigiúnach Cultúrtha, Leitir Ceanainn.
- Ionad Cultúrtha Ghaoth Dobhair.
- Teach Chathail Uí Shearcaigh

SPRIOC

Is mian leis an Chomhairle saol na ndaoine a bhisiú agus a shaibhriú de bharr na nEalaíon a fhorbairt go caighdeán a bheas sásúil don phobal, trí infreastruchtúr oiriúnach do na healaíona a chur chun cinn, seirbhís a fhorbairt tríd an Chontae ar fad, agus comoibriú le grúpaí pobail, daoine aonaracha agus grúpaí reachtúla.

POLASAITHE AGUS MOLTAÍ

Beidh siad seo a leanas mar aidhm ag an Chomhairle Chontae:

POLASAÍ GCSR 18:

Níos mó tuisceana a chruthú fá chúrsaí Ealaíon ar fud an Chontae, agus níos mó rannphártíocht pobail sna hEalaíona a spreagadh i measc gach aoisghrúpa. Déanfar é seo trí thacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá ag saothrú sna hEalaíona cheana féin, idir Ealaíontóirí agus Eagraisí Ealaíon, ar mhaithe leis na hEalaíona traidisiúnta agus comhaimseartha a chur chun tosaigh, ar mhaithe le lucht éisteachta agus féachana idirnáisiúnta a fhorbairt d'ealaíontóirí an Chontae seo, do thionscnaimh Ealaíona, agus tacú le tionscnaimh ilchultúrtha fosta.

POLASAÍ GCSR 19:
Lena chinntiú go bhfuil fáil ag gach uile dhine sa Chontae ar na hEalaíona, déanfaidh an Chomhairle:

- Tuilleadh forbartha ar Sheirbhís Ealaíon an Chontae i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, tré struchtúir don ealaíon a chur ar fáil go háitiúil; tuilleadh forbartha ar chlár camchuairte na n-ealaíon, ar dheontais agus sparántachtaí, ar infreastruchtúr ealaíon, ar an chlár ealaíne pobail agus ar fhéilte ealaíon.
- Tuilleadh forbartha ar Ionad Ealaíon/Ionad Cultúrtha Réigiúnach Leitir Ceanainn mar acmhainn ealaíon agus cultúrtha shuntasach.
- Tuilleadh forbartha ar Chlár Ealaíon Pobail an Chomhairle Contae.

10.8 IARSMALANNA

Tá Iarsmalann an Chontae suite i Leitir Ceanainn agus á reáchtáil faoi choimirce na Comhairle agus Comhairle Baile Leitir Ceanainn. Bhí an fhoirgneamh féin ina pháirt, tráth, de Theach na mBocht, Leitir Ceanainn. Bunaíodh é le sochar agus faoiseamh a thabhairt do na bochta le linn an Ghorta Mhóir in 1845 -1850. Rinneadh an-chuid oibre ar an fhoirgneamh agus críochnaíodh an t-athnuachan in 1999. Tá sé mar fheidhm ag an Iarsmalann fianaise ábhartha agus eolas cuí, a bhaineann le hoidhreacht Dhún na nGall, a chruinniú, a chaomhnú, a thaifeadú, agus a thaispeáint. Déanann an tSeirbhís Iarsmalainne Contae monatóireacht ar láithreáin stairiúla agus seandálaíochta ar fud an Chontae. Tá thar 8,000 iarsma ó am na réamhstaire go dtí an am i láthair le feiceáil san iarsmalann agus bíonn réimse de thaispeántais sealadacha agus imeachtaí a bhaineann leo ar siúl inti ó am go chéile.

Scaipthe ar fud an Chontae fosta, tá mórán iarsmalann agus ionaid oidhreachta pobalbhunaithe a thugann léargas thábhachtach ar ghnéithe áitiúla de stair shuntasach éagsúil an Chontae.

SPRIOC
Is mian leis an Chomhairle oidhreacht mhuintir Dhún na nGall a chaomhnú don ghlúin atá ann faoi láthair agus do na glúnta atá le theacht, trí thaifeadú, caomhnú agus taispeáint don lucht féachána is mó is féidir, an fhianaise ábhartha agus an t-eolas cuí atá bainteach lena n-oidhreacht. Ar an dóigh seo, is mian leo saol a shaibhriú dóibh agus a bhféiniúlacht a chosaint.

POLASAITHE AGUS MOLTAÍ
POLASAÍ GCSR 20:
Ar mhaithe le feidhmeanna Iarsmalainne an Chontae a leathnú agus a neartú, déanfaidh an Chomhairle Contae, nuair is féidir:

- Scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna maoiniúcháin chun méid a chur leis an fhoirgneamh atá ann anois.
- Soláthar d'fhorbairt bhreise ionas go mbeidh trealamh, áiseanna, agus teicneolaíocht eolais agus cumarsáide den scoth san Iarsmalann.
- Féachaint chuige go mbeidh fáil níos fearr ag an ghnáthphobal agus ag lucht sainpéise ar bhailiúcháin na hIarsmalainne agus ar an eolas a bhaineann leo.
- Tuiscint agus meas níos leitheadhaí ar oidhreacht faoi leith Dhún na nGall a spreagadh.
- A chinntiú go mbeidh caomhnú leanúnach déanta ar oidhreacht ábhartha an Chontae.

10.9 SEIRBHÍS CARTLAINNE.

Suas go dtí 1999, cuireadh taifid chartlainne ar fáil don phobal tré Sheirbhís na Leabharlainne. Bunaíodh an tSeirbhís Cartlainne sa bhliain 1999 i Leifear, agus tá forbairt leanúnach a dhéanamh uirthi ó shin, ó thaobh caomhnaithe, áise, sealbhú agus seirbhís for-rochtana. Sa Bhailiúchán Cartlainne Contae tá ábhar ón Chomhairle Contae, Comhairlí Ceantair Tuaithe, Comhairlí Baile, An tArd-Giúiré, Boird Caomhnóirí na mBóithre Iarainn agus na mBunscoileanna. Tá cúpla bailiúchán príobháideach fáighte acu fosta a bhaineann le stair agus cultúr an Chontae. Is é an ceann is mó le rá acu seo ná páipéirí an fhile chlúitigh, agus cainteoir dúchais Gaeilge, Cathal Ó Searcaigh. Is féidir le hábhar cartlainne a bheith i bhfoirm léarscáil, pleananna, sceitsí, litreacha, grianghraif, cáipéisí dlí, comhaid, miontuairiscí, saothair liteartha agus tuarascálacha.

POLASAÍ GCSR 21:

Tá sé ina pholasaí ag an Chomhairle an tSeirbhís Cartlainne a chur chun cinn agus tacú lena fheabhsú agus a leathnú sa todhchaí.

SPRIOC

Is mian leis an Chomhairle oidhreacht phobail Dhún na nGall a chaomhnú don ghlúin seo agus na glúnta romhainn trí oidhreacht dhoiciméadaithe an Chontae a chaomhnú, a shealbhú agus a chur ar fáil don phobal. Chuirfeadh sé seo go mór le saibhreas agus féiniúlacht gach uile dhuine sa Chontae.

POLASAITHE AGUS MOLTAÍ
POLASAÍ GCSR 22:

Chun críche an chuspóra seo, beidh an Chomhairle ag leanúint le caomhnú a cartlainne chuig an chaighdeán is airde agus is féidir a bhaint amach sna modhanna seo a leanas:

- Maoiniú a lorg go leanúnach chun cur leis an tSeirbhíse Cartlainne san am atá le theacht agus foirgneamh ar leith a thógáil mar Ionad Cartlainne;
- Éileamh níos mó ón phobal ar rochtain cartlainne a spreagadh agus a chruthú trí thuilleadh dá leithéid a fháil agus áiseanna taighde d'ardchaighdeán a chur ar fáil, rud a mhéadódh úsáid na cartlainne do thaighde sóisialta, polaitiúil, stairiúl, eacnamaíoch agus cultúrtha;
- Tuiscint agus feasacht ar thábhacht agus ábharthacht na Cartlainne dár n-oidhreacht áitiúil agus náisiúnta a chruthú agus a chothú trí chomhoibriú trasrannóga, go háirithe i gcúrsaí oideachais.

10.10 SPÓRT AGUS CAITHEAMH AIMSIRE

CÚLRA

Tá cáil leitheadach ar Dhún na nGall siocair a rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí éagsúla spóirt agus an leibhéal spéise an-ard a léirítear i gcúrsaí spóirt ar fud an Chontae. Go bunúsach, is leis na daoine iad féin a bhaineann spórt agus caitheamh aimsire agus ar an tséala sin, tá ról iontach tábhachtach ag cúrsaí spóirt ó thaobh bród a chothú sa phobal. Anuas tríd na blianta, bhí eagrais spóirt agus daoine deonacha ina gcnámh droma don spórt i nDún na nGall. Tá feabhas breá tagtha ar infreastruchtúr an spóirt laistigh den Chontae le blianta beaga anuas, agus tá cuid mhaith áiseanna móra tarraingeacha bunaithe ar fud an Chontae.

Tá ról fíorthábhachtach ag spórt agus caitheamh aimsire i nDún na nGall i dtaca le dul chun cinn sóisialta agus eacnamaíoch an Chontae. Tá buntáistí maithe le fáil ó

fhorbairt na hearnála seo, ina measc tionchair dhearfa ar shláinte agus ar an chomharsanacht, fócas do ghníomhaíocht pobail agus an tairbhe eacnamaíoch a d'fhéadfaí a chruthú don cheantar.

Tá dornán Áisíneachtaí Rialtais gníomhach i bhfás agus i bhforbairt spóirt sa Chontae - ina measc an Chomhairle Contae, Coiste Ghairmoideachais Dhún na nGall agus Bord Sláinte an Iarthuaiscirt. Bunaíodh Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall faoi choimirce Bhord Forbartha Chontae Dhún na nGall, rud a fhágann gluaiseacht a dhéanfas comhordú ar fhorbairt agus cur chun cinn cúrsaí spóirt agus caitheamh aimsire sa Chontae. As seo, tiocfadh forbairt chomhtháite ar an earnáil agus beidh deis ag gach uile dhuine a bpáirt a ghlacadh.

SPRIOC

Tá sé mar aidhm ag an Chomairle Condae forbairt agus cur chun cinn a dhéanamh ar chaitheamh aimsire agus imeachtaí scíthe ar fud an Chontae ar bhealach atá an-dírithe, ar mhaithe le cosaint agus forbairt a dhéanamh ar acmhainní nádúrtha an Chontae mar acmhainn luachmhar do chaitheamh aimsire.

POLASAITHE AGUS MOLTAÍ

POLASAÍ GCSR 23:

Leanfaidh an Chomhairle ag comhoibriú le dreamanna sainleasa ionas cur chuige comhordaithe a ghlacadh fá choinne spórt agus caitheamh aimsire a fhorbairt i ngach cearn den Chontae - i bhfoirm Stráitéise don Spórt sa Chontae. Chuige seo, díreoidh an Chomhairle ar na beartanna seo a leanas:

(1) Pairt ghníomhach a ghlacadh i gComhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall
(2) Éascú a dhéanamh ar sholáthar áiseanna spóirt - ag coinneáil súil ar riachtanais cultúrtha na háite agus an timpeallacht nádúrtha agus faoi fhoirgnimh.
(3) Áiseanna spóirt agus caitheamh aimsire atá luachmhar don phobal a chosaint.
(4) Leanúint de bheith ag cur maoiniú ar fáil don phobal agus don earnáil dheonachle forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí áitiúla ar an talamh.
(5) Leanúint de bheith ag leathnú agus ag feabhsú áiseanna atá ann cheana féin, forbairt ar áiseanna spóirt farraige, linnte snámha, siúlóidí agus araile san áireamh.
(6) Rannpháirtíocht níos leithne a spreagadh i gcúrsai spóirt ar mhaithe le pobal níos folláine agus níos sláintiúla a chruthú, agus rannpháirtíocht ó gach aoisghrúpa a spreagadh is a mhealladh isteach san earnáil spóirt.
(7) Féachaint chuige go mbeidh go leor áiseanna súgartha agus caitheamh aimsire á gcur ar fáil in eastáit nua tithíochta agus ar dhóigheanna eile mar is cuí.
(8) Cuidiú le forbairt a dhéanamh ar Lárionad Feabhais do Spórt agus Caitheamh Aimsire i mBealach Féich/Srath an Urláir.
(9) Gríosóidh agus éascóidh an Chomhairle forbairt ar chosáin rothaíochta comhtháite ar fud an Chontae i gcomhar le *Sustrans* agus gníomhaireachtaí eile.

10.11 SOLÁTHAR OIDEACHAIS

CÚLRA

De réir Alt 10 (2) de na hAchtanna Pleanála agus Forbartha 2000-2004, tá sé d'iallach ar Phlean Forbartha cuspóirí a chur san áireamh do sholáthar, nó éascú soláthair, seirbhísí don phobal, go speisialta scoileanna, creiseanna, agus áiseanna eile oideachas agus cúram páistí. Tá an bhéim san Acht Pleanála ar chúram páistí agus ar áiseanna oideachais agus ar sheirbhísí macasamhail réamhscoileanna, naíonraí, seirbhísí cúraim lae, creiseanna, grúpaí súgartha, feighlíocht pháistí, grúpaí iarscoile,

bunscoileanna, meánscoileanna agus scoileanna do pháistí le riachtanais speisialta. Sa Stráitéis Cúram Leanaí, ar ghlach an Chomhairle léi i mí Dheireadh Fómhair 2002, agus a bhfuil cóip de in Aguisín B den Phlean, tá frámaíocht leagtha amach do phleanáil polasaí don ábhar seo.

Ó thaobh soláthair scoileanna de, ní mór don Dréachtphlean Forbartha féachaint chuige go bhfuil go leor talún curtha i leataobh don uair is gá scoil úr a thógáil, nó síneadh a chur le scoil nó coláiste de gach leibhéal de réir riachtanais na nÚdarás Oideachais, sa chás seo an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Go dtí seo, ba ar shaincheisteanna ar leith a bhain le fás daonra ina gceantar féin, agus riachtanais oideachasúla dá bharr, a dhírigh na Pleananna Forbartha do na príomhcheantair uirbeacha i Leitir Ceanainn, Bun Cranncha, Bun Dobhráin, chomh maith le Pleananna Ceantair Áitiúla, a n-aird ach anois tá an polasaí seo a leanas a chur i bhfeidhm ag an Chomhairle:-

POLASAITHE AGUS MOLTAÍ

POLASAÍ GCSR NO. 24:
Soláthar a chinntiú d'áiseanna úra oideachais, nó síneadh a dhéanamh ar áiseanna atá ann cheana féin, a bheadh sásúil ina méid, caighdeán agus dáileadh le theacht i gcabhair ar riachtanais an phobail ó thaobh oideachais d'aoisghrúpaí difriúla agus ag léibhéil éagsúla.

10.12 SEIRBHÍSÍ SLÁINTE

CÚLRA
Is éard atá i gceist go ginearálta le Seirbhísí Sláinte ná réimse seirbhísí a fhreagraíonn gá an phobail do chúram príomhúil sláinte maraon le riachtanais pháisti, aosaigh, seirbhísí míchumais, sláinte mheabhrach, seirbhísí géarchúraim agus soláthar/seirbhísí otharcharranna.
Sna cásanna seo cuirfidh an Chomhairle iad seo a leanas san áireamh:

- An Straitéis Náisiúnta Sláinte
- An Straitéis Náisiúnta Leanaí chomh maith le straitéisí, polasaithe agus cláracha a eascraíonn on Fheidhmeannas Seirbhíse Sláinte i rith tréimhse riaracháin an Phlean Forbartha.

POLASAITHE AGUS MOLTAÍ
Tá sé mar pholasaí ag an Chomhairle tacaíocht a thabhairt don réimse úsáide seo a leanas, i gcomhar leis an Fheidhmeannas Seirbhíse Sláinte, Ceantar an Iarthuaiscirt, i láithreacha fhóirsteanacha.

- Otharlanna pobail agus aonaid altranais
- Ionaid sláinte, sóisialta agus cúram lae don aosach.
- Cúram Páistí agus seirbhísi tacaithe teaglaigh
- Ionaid Leighis do sheachadadh cúraim phríomhúil
- Seirbhísí sláinte meabhrach don phobal.
- Tithe Altranais. Le linn fad saoil an Phlean Forbartha, d'fhéadfaí tuilleadh forbairt polasaí a dhéanamh ar lonnú agus láithreánú áiseanna do chúram altranais.